ORDÚ NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS (an Chéad Dlísheomra)

20 Meán Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Barántas gabhála Eorpach – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Airteagal 1(3) – Airteagal 4a – Nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit – Forais le haghaidh neamhfhorghníomhú roghnach – Airteagal 48(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Cearta na cosanta – Treoir 2012/13/AE – Airteagal 6 – Ceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla – Treoir 2013/48/AE – Airteagal 3 – Ceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla – Cinneadh arna eisiúint ag deireadh trialach gan láithreas ón gcosantóir nó óna dhlíodóir – Reachtaíocht náisiúnta nach gceadaítear léi tabhairt suas an duine a dhiúltú – Comhréireacht le dlí an Aontais)

I gCás C-504/24 PPU [Anacco] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Corte d'appello di Roma (Cúirt Achomhairc na Róimhe, an Iodáil), trí bhreith an 18 Iúil 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 19 Iúil 2024, sna himeachtaí coiriúla i gcoinne

**RT,**

Idiragraithe:

**Procura Generale della Repubblica presso la Corte d'appello di Roma,**

tugann AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Arabadjiev, Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz, P. G. Xuereb, A. Kumin (Rapóirtéir) agus I. Ziemele, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don chinneadh arna ghlacadh, tar éis éisteacht leis an Abhcóide Ginearálta, breith a thabhairt de réir ordú réasúnaithe, i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais,

an tOrdú seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

## Ordú

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo le léiriú ar Airteagal 6 CAE, Airteagail 48(2) agus 52(3) agus (4) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), Airteagal 6(3)(c) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 (ECHR), Airteagail 1(3) agus 4a den Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2022 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1), arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 (IO 2009 L 81, lch. 24) ('Cinneadh Réime 2002/584'), Airteagal 6 de Threoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO 2012 L 142, lch. 1), agus Airteagal 3 de Threoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chaillfear an tsaoirse (IO 2013 L 294, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh i gcás ina bhforghníomh, san Iodáil, barántas gabhála Eorpach arna eisiúint an 29 Aibreán 2024 ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí de Ríocht na Bruiséile (an Bheilg) chun pianbhreith choimeádta in aghaidh RT ón Tribunal de première instance francophone de Bruxelles (an Bheilg) a fhorghníomhú.

### An dlí lena mbaineann

#### *Dlí an Aontais*

*Cinneadh Réime 2002/584*

3 Foráiltear le haithrisí 6 agus 12 den Chinneadh Réime 2002/584:

'(6) Is é an barántas gabhála Eorpach dá bhforáiltear sa Chinneadh Réime seo an chéad léiriú nithiúil, i réimse an dlí choiriúil, ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh ar chuir an Chomhairle Eorpach síos air mar "bhunchloch" an chomhair bhreithiúnaigh.

[...]

(12) Leis an gCinneadh Réime seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear in Airteagal 6 [CAE] agus a léirítear sa [Chairt], go háirithe Caibidil VI de. [...]'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 1(2) agus (3) den Chinneadh Réime sin, dar teideal 'Sainmhíniú ar an mbarántas gabhála Eorpach agus an oibleagáid é a fhorghníomhú':

'2. Déanfaidh na Ballstáit aon bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime seo.

3. Ní bheidh d'éifeacht leis an gCinneadh Réime seo an oibleagáid a mhodhnú chun cearta bunúsacha agus bunphrionsabail dlí a urramú mar a chumhdaítear iad le hAirteagal 6 [CAE].' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 4a den Chinneadh Réime sin, dar teideal 'Cinntí arna n-eisiúint ag deireadh trialach gan an duine lena mbaineann a bheith i láthair go pearsanta':

'1. Féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach an barántas gabhála Eorpach, arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, a dhiúltú mura raibh an duine i láthair go pearsanta ag an triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi, ach amháin má sonraítear an méid seo a leanas maidir leis an duine lena mbaineann sa bharántas gabhála Eorpach, i gcomhréir le haon cheanglais nós imeachta eile a shainmhínítear i ndlí náisiúnta an Bhallstáit eisiúna:

a) in am trátha,
   i) cé acu go bhfuair duine toghairm go pearsanta agus tríd sin gur cuireadh ar an eolas é nó í faoi dháta sceidealta agus áit na trialach a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi, nó go bhfuair siad faisnéis oifigiúil ar mhodh eile maidir le dáta sceidealta agus áit na trialach ar mhodh a chinntigh gan amhras go raibh sé nó sí ar an eolas faoin trialach sceidealta;

   agus
   ii) gur cuireadh ar an eolas é go bhféadfar cinneadh a thabhairt murar tháinig sé nó sí i láthair don triail;

   nó

b) agus é/í feasach ar an triail sceidealta, thug an duine sainordú do dhlíodóir a cheap an duine lena mbaineann nó a cheap an Stát, chun chosaint a thabhairt dó/di ag an triail, agus is amhlaidh a thug an dlíodóir sin cosaint dó/di ag an triail;

   nó

c) tar éis don duine an cinneadh a fháil agus tar éis é a bheith curtha in iúl go sainráite don duine go raibh ceart atrialach nó achomhairc aige, a bhfuil cead ag an duine a bheith páirteach inti nó ann agus ina gceadaítear tuillteanais an cháis, lena n-áirítear fianaise nua, a athscrúdú, agus go bhféadfaí an cinneadh bunaidh a chur droim ar ais mar thoradh dá bharr:
   i) gur léirigh sé go sainráite nach ndearna an duine an cinneadh a chonspóid;

   nó
   ii) nár iarr sé achomharc laistigh den tréimhse ama is infheidhme;

   nó

d) nach bhfuair sé an cinneadh go pearsanta ach:
   i) go seirbheálfar é go pearsanta air gan mhoill tar éis an tabhairt suas agus go gcuirfear ar an eolas go sainráite don duine go bhfuil ceart atrialach nó achomhairc aige, a bhfuil cead ag an duine a bheith páirteach inti nó ann agus ina gceadaítear tuillteanais an cháis, lena n-áirítear fianaise nua, a athscrúdú, agus go bhféadfaí an cinneadh bunaidh a chur droim ar ais mar thoradh uirthi nó air;

   agus

ii) go gcuirfear ar an eolas é faoin gcreat ama ar laistigh de nach mór dó nó di atriail nó achomharc den sórt sin a iarraidh, mar a luaitear sa bharántas gabhála Eorpach lena mbaineann.
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

2. I gcás ina n-eisítear an barántas gabhála Eorpach chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú faoi na forálacha atá i mír 1(d) agus nach bhfuil aon fhaisnéis oifigiúil faighte roimhe sin ag an duine lena mbaineann i dtaobh na n-imeachtaí coiriúla ina choinne nó ina coinne a bheith ann, féadfaidh sé nó sí, nuair a thugtar fógra dó nó di faoi ábhar an bharántais gabhála Eorpaigh, a iarraidh go bhfaighidh sé nó sí cóip den bhreithiúnas sular tugadh suas é nó í. Láithreach tar éis dó a bheith curtha ar an eolas faoin iarraidh, déanfaidh an t-údarás eisiúna an chóip den bhreithiúnas a sholáthar tríd an údarás forghníomhaitheach don duine a iarrtar. Ní chuirfidh iarraidh an duine a iarrtar moill ar an nós imeachta um thabhairt suas ná ar an gcinneadh an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú. Is chun críche faisnéise amháin a chuirfear an breithiúnas in iúl don duine lena mbaineann; ní mheasfar gur seirbheáil fhoirmiúil an bhreithiúnais é agus ní chuirfidh sé tús le haon teorainn ama is infheidhme chun iarratas a dhéanamh ar atriail nó ar achomharc.

3. I gcás ina dtabharfar duine suas faoi na forálacha atá i mír 1(d) agus go mbeidh atriail nó achomharc iarrtha aige nó aici, déanfar coinneáil an duine sin atá ag feitheamh leis an atriail nó leis an achomharc sin a athbhreithniú, go dtí go dtabharfar na himeachtaí sin chun críche, i gcomhréir le dlí baile an Bhallstáit eisiúna, ar bhonn rialta nó arna iarraidh sin. Áireofar go háirithe le hathbhreithniú den sórt sin go bhféadfaí an choinneáil a chur ar fionraí nó a bhriseadh. Tosóidh an atriail nó an t-achomharc laistigh d'am trátha tar éis an tabhairt suas. '
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

*Cinneadh Réime 2009/299*

6 Foráiltear le haithrisí 1, 14 agus 15 den Chinneadh Réime 2009/299:

'(1) Tá ceart an chúisí teacht i láthair go pearsanta ag an triail san áireamh sa cheart chun triail chóir a fháil dá bhforáiltear in Airteagal 6 den [ECHR], arna léiriú ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Chinn an Chúirt freisin nach ceart iomlán é ceart an chúisí teacht i láthair go pearsanta ag an triail agus go bhféadfaidh an cúisí é a tharscaoileadh, faoi choinníollacha áirithe, dá thoil féin, go sainráite nó go hintuigthe, ach gan aon éideimhne.

[...]

(14) Is é an t-aon chuspóir atá leis an gCinneadh Réime seo soiléiriú a dhéanamh ar shainmhíniú na bhforas le neamhaitheantas in ionstraimí lena gcuirtear prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh chun feidhme. Dá bhrí sin, tá raon feidhme ag forálacha amhail na forálacha sin a bhaineann leis an gceart chun atrialach atá teoranta do shainmhíniú na bhforas sin le haghaidh neamhaitheantais. Níl sé i gceist leo reachtaíocht náisiúnta a chomhchuibhiú. Tá an Cinneadh Réime seo gan dochar d'ionstraimí de chuid an Aontais Eorpaigh a bheidh ann amach anseo arb é is aidhm dóibh dlíthe coiriúla na mBallstát a chomhfhogasú.

(15) Is forais roghnacha iad na forais le diúltú. Mar sin féin, rialaítear rogha na mBallstát na forais sin a thrasuí sa dlí náisiúnta go háirithe leis an gceart chun triail chóir a fháil, agus cuspóir foriomlán an Chinnidh Réime seo á chur san áireamh chun cearta nós imeachta daoine a neartú agus chun comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a éascú.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 1(1) den Chinneadh Réime sin, dar teideal 'Cuspóirí agus raon feidhme':

'Is iad cuspóirí an Chinnidh Réime seo cearta nós imeachta daoine atá faoi réir imeachtaí coiriúla a neartú, comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a éascú agus go háirithe feabhas a chur ar an aitheantas frithpháirteach do chinntí breithiúnacha idir na Ballstáit. '
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

*Treoir 2012/13*

8 Foráiltear le hAirteagal 6 de Threoir 2012/13, dar teideal 'Ceart le bheith curtha ar an eolas faoi na cúisimh a tugadh ina choinne':

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine cúisithe ar an eolas faoin ngníomh coiriúil a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil cúis curtha ina leith go ndearna siad é. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil go tapa agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leor chun cothroime na n-imeachtaí a áirithiú agus ionas gur féidir cearta na cosanta a fheidhmiú go héifeachtach.

[...]

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir leis an gcúiseamh, lena n-áirítear cineál agus aicmiú dlíthiúil an chiona choiriúil, chomh maith le cineál rannpháirtíochta an duine atá cúisithe, ar a dhéanaí nuair a chuirfear tuillteanais an chúisimh faoi bhráid cúirte.

[...] '
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

*Treoir 2013/48*

9 Foráiltear le hAirteagal 3 de Threoir 2013/48, dar teideal 'Ceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla':

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart rochtana ag daoine atá faoi dhrochamhras agus ag daoine cúisithe ar dhlíodóir laistigh de theorainn ama agus ar bhealach a cheadóidh do na daoine lena mbaineann a gcearta cosanta a fheidhmiú go praiticiúil agus go héifeachtach.

[...]

4. Féachfaidh na Ballstáit le faisnéis ghinearálta a chur ar fáil ionas go mbeidh deis ag daoine atá faoi dhrochamhras nó ag daoine cúisithe dlíodóir a fháil.

D'ainneoin fhorálacha an dlí náisiúnta maidir le láithreacht riachtanach dlíodóra, déanfaidh na Ballstáit na socruithe is gá chun a áirithiú go mbeidh daoine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe agus a bhfuil a saoirse bainte díobh in ann a gceart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir a fheidhmiú go héifeachtach, mura rud é gur tharscaoil siad an ceart sin i gcomhréir le hAirteagal 9.

[...] '
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

*Treoir (AE) 2016/343*

10 Foráiltear le hAirteagal 8 de Threoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla (IO 2016 L 65, lch. 1), dar teideal 'An ceart chun bheith i láthair le linn na trialach':

'[...]

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh gur féidir triail a reáchtáil chun cinneadh a dhéanamh maidir le ciontacht nó neamhchiontacht duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe gan an duine sin a bheith i láthair, ar choinníoll:

a) gur cuireadh an triail agus na hiarmhairtí a bhaineann le neamhláithriú in iúl don duine atá faoi dhrochamhras nó don duine atá cúisithe in am trátha; nó

b) go ndéanann dlíodóir sainordaithe ionadaíocht thar ceann an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe, tar éis dó a bheith curtha ar an eolas faoin triail, ar dlíodóir é a cheap an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe nó a cheap an Stát.

[...]

4. I gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil maidir leis an bhféidearthacht trialacha a reáchtáil gan an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe a bheith i láthair, ach nach féidir na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo a chomhlíonadh toisc nach féidir duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe a aimsiú d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha é a aimsiú, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh gur féidir cinneadh a dhéanamh agus a fhorfheidhmiú mar sin féin. I gcás mar sin, áiritheoidh na Ballstáit, nuair a chuirtear daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine cúisithe ar an eolas faoin gcinneadh, go háirithe nuair a ghabhtar iad, go gcuirfear ar an eolas iad freisin faoin bhféidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh agus faoin gceart chun trialach nua a fháil nó chun leigheas dlí eile, i gcomhréir le hAirteagal 9.

[...]'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 De réir Airteagal 9 de Treoir sin, dar teideal 'Ceart chun trialach nua':

'Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine cúisithe, i gcás nár fhreastail siad ar a dtriail agus nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2), i dteideal triail nua nó leigheas dlí eile, lena bhféadfar measúnú nua a dhéanamh ar thuillteanais an cháis, lena n-áirítear scrúdú ar fhianaise nua, agus a bhféadfaí an cinneadh bunaidh a chur ar neamhní dá bharr. I ndáil leis sin, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag na daoine sin atá

faoi dhrochamhras agus ag na daoine cúisithe sin a bheith i láthair, a bheith rannpháirteach go héifeachtach, i gcomhréir leis na nósanna imeachta faoin dlí náisiúnta, agus cearta na cosanta a fheidhmiú.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

## *An dlí náisiúnta*

### *Dlí na hIodáile*

12 Foráiltear le hAirteagal 24 de Bhunreacht na hIodáile:

'Tá an ceart chun imeachtaí dlí a thionscnamh ag gach duine chun a chearta nó a cearta agus a leasanna dlisteanacha a chosaint.

Is ceart dosháraithe í an chosaint ag gach céim agus ag gach leibhéal de na himeachtaí.

Áirithítear le bearta iomchuí go bhfuil sé ar chumas daoine gan acmhainní imeachtaí a thionscnaimh agus a chosaint os comhair na gcúirteanna go léir.

[...]'

13 Foráiltear le hAirteagal 2 den legge n. 69 – Disposizioni per conformare il diritto interno alla decisione quadro 2002/584/GAI del Consiglio, del 13 giugno 2002, relativa al mandato d'arresto europeo e alle procedure di consegna tra Stati membri (Dlí Uimh. 69 lena leagtar síos forálacha chun an dlí náisiúnta a chur ar chomhréir le Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002, maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit), an 22 Aibreán 2005 (GURI Uimh. 98, an 29 Aibreán 2005, lch. 6, 'Dlí Uimh. 69/2005'), dar teideal 'Cearta bunúsacha agus ráthaíochtaí bunreachtúla a urramú':

'Ní fhéadfaidh forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh, in imthosca ar bith, a bheith ina chúis le sárú ar phrionsabail uachtaracha ord bunreachtúil an Stáit nó ar chearta doshannta an duine atá aitheanta sa Bhunreacht, ar chearta bunúsacha agus ar phrionsabail bhunúsacha dlí atá cumhdaithe in Airteagal 6 [CAE] ná ar na cearta bunúsacha arna ráthú leis an [ECHR] agus na Prótacail Fhorlíontacha a ghabhann leis.'

14 Foráiltear le hAirteagal 6(1), (1a) agus (2) den Dlí Uimh. 69/2005, dar teideal 'Ábhar an bharántais gabhála Eorpaigh nós imeachta um thabhairt suas éighníomhach':

'1. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith sa bharántas gabhála Eorpach:

a) féiniúlacht agus náisiúntacht an duine iarrtha;

b) ainm, seoladh, uimhreacha teileafóin agus facs, seoladh ríomhphoist an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna;

c) léiriú go bhfuil breithiúnas infhorfheidhmithe ann, nó cinneadh maidir le bearta sealadacha nó aon chinneadh breithiúnach infhorfheidhmithe eile a bhfuil an éifeacht chéanna aige agus a thagann faoi raon feidhme Airteagail 7 agus 8 den Dlí seo;

d) cineál agus aicmiú dlíthiúil an chiona;

e) tuairisc ar na himthosca ina ndearnadh an cion, lena n-áirítear an t-am, an t-ionad agus méid rannpháirteachais an duine iarrtha sa chion;

f) pionós a fhorchuirtear i gcás cinneadh críochnaitheach nó, i gcásanna eile, pionóis íosta agus uasta dá bhforáiltear le dlí an Stáit eisiúna;

g) más féidir é, iarmhairtí eile an chiona.

1a I gcás inar eisíodh é chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála arna glacadh tar éis triail gan an duine lena mbaineann a bheith i láthair go pearsanta a fhorghníomhú, ní mór léiriú a bheith sa bharántas gabhála Eorpach freisin ar cheann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

a) go bhfuair an duine toghairm in am trátha nó ar shlí eile a d'fhágfadh go bhféadfaí a shuíomh go soiléir go raibh sé ar an eolas faoi dháta sceidealta agus áit na trialach a raibh an cinneadh a tugadh nuair a bhí sé as láthair mar thoradh uirthi agus go bhféadfaí cinneadh den sórt sin a thabhairt fiú dá mbeadh sé as láthair;

b) go ndearna comhairleoir dlí arna cheapadh ag an duine lena mbaineann nó *ex officio* ionadaíocht air le linn na trialach a raibh an cinneadh sin mar thoradh uirthi, agus é curtha ar an eolas faoin triail a bhaineann leis;

c) go ndúirt an duine lena mbaineann go sonrach, tar éis dó an cinneadh a fháil agus a fháil amach go raibh sé de cheart aige triail nua nó achomharc a iarraidh, agus go mbeadh cead ag an duine a bheith páirteach sa triail nó san achomharc sin, agus go gceadófaí, leis sin, tuillteanais an cháis a athscrúdú, lena n-áirítear scrúdú ar fhianaise nua, agus go bhféadfaí an cinneadh tosaigh a fhreaschur dá bharr, nach raibh sé ag cur in aghaidh an chinnigh, nó nár iarr sé ar triail nua nó achomharc laistigh den teorainn ama is infheidhme;

d) nach bhfuair an duine lena mbaineann seirbheáil an chinnidh go pearsanta, ach go bhfuair sé é go pearsanta gan mhoill tar éis an tabhairt suas sa Bhallstát eisiúna agus go gcuirfear ar an eolas go sainráite dó go bhfuil ceart atrialach nó achomhairc aige, a bhfuil cead ag an duine a bheith páirteach inti nó ann agus lena gceadaítear tuillteanais an cháis, lena n-áirítear fianaise nua, a athscrúdú, agus go bhféadfaí an cinneadh tosaigh a athrú mar thoradh uirthi nó air agus go gcuirfear ar an eolas dó faoin teorainn ama ina bhfuil gá tús a chur le triail nua nó achomharc.

2. Mura bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(a), (c), (d), (e) agus (f) sa bharántas gabhála Eorpach nó mura léiríonn sé gurb ann do cheann amháin ar a laghad de na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1a, rachaidh an t-údarás breithiúnach ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 16. Rachaidh sé ar aghaidh ar an gcaoi chéanna i gcás ina measfaidh sé gur gá tuilleadh fianaise a fháil d'fhonn a fháil amach an dtagann an cás faoi cheann de na cásanna dá bhforáiltear in Airteagail 18, 18a, 18b agus 19.'

15 Foráiltear le hAirteagal 18b den Dlí sin, dar teideal 'Cinntí a dhéantar in éagmais an chúisí':

'1. I gcás ina n-eisítear an barántas gabhála Eorpach chun pianbhreith nó ordú coinneála arna glacadh tar éis triail gan an duine lena mbaineann a bheith i láthair go pearsanta ann a fhorghníomhú, féadfaidh an Chúirt Achomhairc tabhairt suas a dhiúltú freisin mura bhfuil léiriú

sa bharántas gabhála ar aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6(1)(a) agus mura bhfuil faisnéis faoi na coinníollacha sin curtha ar fáil ag an Stát eisiúna fiú tar éis iarratas arna dhéanamh de bhun Airteagal 16.

2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an Chúirt Achomhairc, mar sin féin, an tabhairt suas a bhailíochtú má chruthaítear go cinnte go raibh an duine lena mbaineann ar an eolas faoin triail nó gur ghlac sé bearta as a stuaim féin sa chaoi nach mbeadh sé ar an eolas faoin triail.

3. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 6(1a)(d), féadfaidh an duine iarrtha nár cuireadh ar an eolas roimhe sin faoi na himeachtaí coiriúla ina choinne cóip a iarraidh den bhreithiúnas ar a bhfuil an barántas gabhála Eorpach bunaithe. Ní hionann an iarraidh sin i gcás ar bith agus foras chun an nós imeachta um thabhairt suas nó an cinneadh chun an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú a chur siar. Áiritheoidh an Chúirt Achomhairc go gcuirfear an iarraidh ar aghaidh láithreach chuig an údarás eisiúna.'

*Dlí na Beilge*

16 Foráiltear le hAirteagal 186 de Chód Nós Imeachta Coiriúil na Beilge mar seo a leanas:

'Mura thagann an duine a thoghairtear, nó an dlíodóir a dhéanann ionadaíocht air, os comhair na cúirte ar an dáta agus ag an am a bheidh socraithe sa toghairm, tabharfaidh breithiúnas mainneachtana ina leith.'

17 Foráiltear le hAirteagal 187(1) den chód sin:

'Féadfaidh an duine a chiontaítear *in absentia* agóid i gcoinne an bhreithiúnais a thaisceadh laistigh de 15 lá ó sheirbheáil an bhreithiúnais.

I gcás nach mbeidh seirbheáil an bhreithiúnais déanta ar a phearsa, féadfaidh an duine ciontaithe *in absentia* agóid a dhéanamh, maidir le ciontuithe coiriúla, laistigh de 15 lá ón lá ar tháinig sé ar an eolas faoin tseirbheáil.

Má tá sé tagtha ar an eolas faoi trí bharántas gabhála Eorpach nó iarraidh ar eiseachadadh a sheirbheáil, nó mura bhfuil an tréimhse reatha 15 lá imithe in éag fós tráth a ghabhála thar lear, féadfaidh sé agóid a thaisceadh laistigh de 15 lá tar éis é a thabhairt suas nó a scaoileadh saor thar lear.

Mura suitear go raibh sé ar an eolas faoin seirbheáil, féadfaidh an duine ciontaithe *in absentia* agóid a thaisceadh go dtí go rachaidh na tréimhsí teorann don phianbhreith in éag. Féadfaidh sé agóid a dhéanamh, maidir le ciontuithe sibhialta, go dtí go gcuirfear an breithiúnas i bhfeidhm.

[...]'

## An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

18 An 29 Aibreán 2024, d'eisigh Oifig Ionchúisitheora Phoiblí Rí na Bruiséile barántas gabhála Eorpach i gcoinne RT ('an barántas gabhála Eorpach atá i gceist'), náisiúnach de chuid na Fraince agus Mhailí agus a bhfuil pas taidhleoireachta de chuid Mhailí aici, chun pianbhreith choimeádta

dhá bhliain arna forchur uirthi ag an tribunal de première instance francophone de Bruxelles a fhorghníomhú, le breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2023, ar bhonn Airteagal 100b, an chéad fhomhír agus an dara fomhír d'Airteagal 432(1) agus (3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 432(2) de Chód Coiriúil na Beilge, as neamhionadaíocht linbh mhionaoisigh atá á choinneáil thar lear ar feadh níos mó ná cúig lá ('breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2023').

19 Is léir ón ordú tarchuir gur tugadh breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2023 *in absentia* tar éis trialach a tharla gan an díotáil a bheith seirbheáilte i ndairíre ar RT agus, dá bhrí sin, gan RT ná dlíodóir arna cheapadh aici nó arna cheapadh *ex officio* a bheith i láthair ag an éisteacht a tionóladh i gcomhthéacs na n-imeachtaí sin.

20 Is féidir achoimre a dhéanamh ar na fíorais as ar eascair breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2023, mar a leagtar amach san ordú tarchuir iad, mar seo a leanas. Tar éis briseadh síos a chaidrimh le JG in 2018, bhog RT go Mailí lena n-iníon, UMTG, a rugadh sa Bhruiséil an 3 Samhain 2015. Tríd an méid sin a dhéanamh, sháraigh RT breithiúnais an tribunal de première instance de Bruxelles, tribunal de la famille (an Bheilg) an 26 Meitheamh agus an 24 Meán Fómhair 2019, inar léir, *inter alia*, go raibh UMTG chun fanacht, go príomha, le JG sa Bheilg.

21 An 20 Meitheamh 2024, gabhadh RT nuair a shroich sí an Iodáil agus cuireadh faoi choinneáil réamhthrialach í chun an barántas gabhála Eorpach atá i gceist a fhorghníomhú. An 22 Meitheamh 2024, thug an Corte d'appello di Roma (an Chúirt Achomhairc, an Róimh, an Iodáil), an chúirt a rinne an tarchur, éisteacht do RT, nár thoiligh le tabhairt suas d'údaráis na Beilge. D'áitigh sí, *inter alia*, gur chuir cúirteanna Mhailí coimeád UMTG de chúram uirthi agus gur aontaigh JG leis an aistriú chuig Mailí sin. Ag éisteacht an 2 Iúil 2024, d'iarr RT, *inter alia*, go ndiúltófaí don bharántas gabhála sin a fhorghníomhú agus go gcuirfí deireadh lena choinneáil réamhthrialach.

22 Tar éis iarraidh a fháil ón gcúirt a rinne an tarchur, chuir an Aireacht Dlí agus Cirt (an Bheilg) in iúl, i litir an 8 Iúil 2024, gur toghairmeadh ar RT teacht i láthair, trí litir chláraithe, ag éisteacht an 4 Deireadh Fómhair 2023 an tribunal de première instance francophone de Bruxelles, sna himeachtaí as ar eascair breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2023. Ós rud é nach raibh an duine sin i láthair ag an éisteacht sin agus nach ndearna dlíodóir ionadaíocht air, tugadh an breithiúnas sin *in absentia*, tar éis imeachtaí neamhsháraíochta. Ina theannta sin, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl gur léir ón litir sin agus ón mbarántas gabhála Eorpach atá i gceist, i gcás tabhairt suas d'údaráis na Beilge, go bhféadfadh RT, laistigh de 15 lá tar éis a seirbheáil, agóid a dhéanamh i gcoinne bhreithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2023 os comhair an tribunal de première instance francophone de Bruxelles, agus go mbeadh i gceist leis an agóid sin, dá ndearbhófaí í a bheith inghlactha, an breithiúnas sin a chur ar neamhní agus triail nua a reáchtáil ina mbeadh na cearta céanna aici agus a bheadh aici le linn na n-imeachtaí ba chúis leis an mbreithiúnas sin. Ina theannta sin, bheadh an deis ag RT, laistigh de 30 lá óna seirbheáil, achomharc a thaisceadh i gcoinne bhreithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2023 os comhair an cour d'appel de Bruxelles (Cúirt Achomhairc, an Bhruiséil, an Bheilg). Sa dá chás, thabharfadh dlíodóir arna cheapadh aici nó arna cheapadh ag an Oifig um Chúnamh Dlíthiúil cúnamh éigeantach do RT, agus bheadh dóthain ama aici chun a cosaint a ullmhú agus d'fhéadfadh sí a iarraidh go scaoilfí saor í.

23 Le hordú an 11 Iúil 2024, dhiúltaigh an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, d'iarraidh RT deireadh a chur lena coinneáil réamhthrialach agus, ar an dara dul síos, luaigh sí go raibh éisteacht sceidealaithe aici an 24 Meán Fómhair 2024 chun rialú a thabhairt ar shubstaint fhorghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh atá i gceist.

24 Sa mhéid nach bhforáiltear le Dlí Uimh. 69/2005, lena gcuirtear Cinneadh Réime 2002/584 chun feidhme, don fhéidearthacht tabhairt suas RT a dhiúltú i gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le comhoiriúnacht an dlí sin le dlí bunreachtúil na hIodáile agus le dlí an Aontais araon. Mar is léir ó chásdlí an Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil, an Iodáil) agus an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach, an Iodáil), ní féidir triail choiriúil a reáchtáil san Iodáil gan dlíodóir a bheith ag an gcúisí, fiú mura mbíonn an cúisí sin i láthair go pearsanta. Is prionsabal bunreachtúil é, de réir na cúirte a rinne an tarchur, a dhearbhaítear le hAirteagal 48 den Chairt agus le hAirteagal 6 de ECHR agus, arna léamh i bhfianaise Airteagal 6 CAE agus Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, lena gcuirtear cosc ar bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú chun pianbhreith choimeádta a fhorghníomhú a forchuireadh gan dlíodóir a bheith i láthair ar son an chúisí agus, dá bhrí sin, lena sáraítear a chearta cosanta.

25 Sa chomhthéacs sin, déanann an chúirt a rinne an tarchur tagairt don iarraidh ar réamhrialú a rinne an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach), le cinneadh an 19 Nollaig 2023, i gCás C-40/24, *Derterti*, atá ar feitheamh, a bhaineann, *inter alia*, leis an tsaincheist chéanna agus atá i gceist sna príomhimeachtaí.

26 Faoi na coinníollacha seo, chinn an Corte d'appello di Roma (Cúirt Achomhairc na Róimhe) cosc a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'Maidir leis na forálacha seo a leanas:

a. Airteagal 6 [CAE], Airteagal 48(2) agus Airteagal 52(3) agus (4) den [Chairt],

b. Airteagal 6(3)(c) den [ECHR],

c. Airteagal 1(3) agus Airteagal 4a den Chinneadh Réime [2002/584],

d. Airteagal 6 de Threoir [2012/13], agus

e. Airteagal 3 de Threoir [2013/48],

an gcaithfear iad a léiriú, ina n-iomláine, sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta amhail reachtaíocht na hIodáile dá bhforáiltear in Airteagail 2, 6 agus 18(b) de Dhlí Uimh. 69/2005, nach gceadaítear le Corte d'appello (an Chúirt Achomhairc, an Iodáil), mar údarás breithiúnach inniúil an Stáit iarrtha, diúltú duine a thabhairt suas don Bhallstát eisiúna i bhforghníomhú barántas gabhála Eorpach arna eisiúint ar bhonn breithiúnais lena ngearrtar pianbhreith choimeádta sa Stát eisiúna, ag deireadh nós imeachta coiriúil a tionóladh in éagmais dhlíodóir, arna n-ainmniú ag an duine cúisithe nó ag an gCúirt Ghinearálta agus, in aon chás, gan cosaint éifeachtach, fiú más rud é, tar éis an bharántais ghabhála Eorpach a fhorghníomhú, go bhfuil an ceart ag an duine ciontaithe seirbheáil an bhreithiúnais a fháil lena ngearrtar pianbhreith agus féadfaidh sé nó sí freasúra nó achomharc a thaisceadh i gcoinne an bhreithiúnais sin?'

**An iarraidh ar an nós imeachta práinne um réamhrialú a chur i bhfeidhm**

27 D'iarr an chúirt a rinne an tarchur go ndéileálfar leis an tarchur chun réamhrialú faoin nós imeachta práinne dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 23a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 107 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

28 Mar thaca leis an iarraidh sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil RT faoi choinneáil réamhthrialach ón 20 Meitheamh 2024 i leith.

29 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, go mbaineann an tarchur chun réamhrialú seo, *inter alia*, le léiriú ar Chinneadh Réime 2002/584, ar Threoir 2012/13 agus ar Threoir 2013/48, a thagann faoi Theideal V de chuid a trí den CFAE, a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Dá bhrí sin, is féidir déileáil leis an tarchur faoin nós imeachta práinne um réamhrialú.

30 Ar an dara dul síos, i ndáil leis an gcoinníoll maidir le práinn, comhlíontar an coinníoll sin, go háirithe, i gcás ina bhfuil a shaoirse bainte den duine lena mbaineann sna príomhimeachtaí faoi láthair agus go mbraitheann a choinneáil leanúnach ar thoradh na díospóide sna príomhimeachtaí, agus é á shonrú go bhfuil measúnú le déanamh ar staid an duine sin mar atá sé tráth an scrúdaithe ar an iarraidh ar réamhrialú atá le láimhseáil faoin nós imeachta práinne (breithiúnas an 14 Bealtaine 2024, *Stachev*, C-15/24 PPU, EU:C:2024:399, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Sa chás seo, ar thaobh amháin, is léir ón ordú tarchuir gur baineadh a saoirse de RT ón 20 Meitheamh 2024 agus go raibh sé sa staid sin ar dháta an scrúdaithe ar an iarraidh go ndéileálfar leis an iarraidh ar réamhrialú faoin nós imeachta práinne.

32 Ar an taobh eile, chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl, go bunúsach, go bhféadfadh sí, ag brath ar an bhfreagra a thabharfaidh an Chúirt ar an gceist a tharchuirtear chun réamhrialú, diúltú don bharántas gabhála Eorpach atá i gceist a fhorghníomhú agus, dá bhrí sin, a ordú go scaoilfear saor RT.

33 Sna himthosca sin, chinn an Chéad Dlísheomra den Chúirt, an 1 Lúnasa 2024, ar mholadh an Bhreithimh is Rapóirtéir, tar éis éisteacht leis an Abhcóide Ginearálta, géilleadh don iarraidh ón gcúirt a rinne an tarchur chun an tarchur chun réamhrialú seo a chur faoi réir an nós imeacht práinne um réamhrialú.

**An cheist a tharchuirtear le haghiadh réamhrialú**

34 De bhun Airteagal 99 de na Rialacha Nós Imeachta, nuair is féidir freagra ar cheist a tarchuireadh chun réamhrialú a rianú go soiléir ón gcásdlí atá ann nó nuair nach féidir aon amhras réasúnach a cheadú sa fhreagra ar cheist den sórt sin, féadfaidh an Chúirt, tráth ar bith, ar thogra ón mBreitheamh is Rapóirtéir, agus tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a rialú cinneadh a thabhairt trí ordú réasúnaithe.

35 Ní mór an fhoráil sin a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an cháis seo.

36 Lena cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 4a den Chinneadh Réime 2002/584, arna léamh i bhfianaise Airteagal 6 CAE, Airteagal 48(2) agus Airteagal 52(3) agus (4) den Chairt, Airteagal 6(3)(c) de ECHR, Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin, Airteagal 6 de Threoir 2012/13/AE agus Airteagal 3 de Threoir 2013/48/AE a léiriú go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta nach gceadaítear leis an údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú duine a thabhairt suas i bhforghníomhú barántas gabhála Eorpach arna eisiúint ar bhonn breithiúnais lena ngearrtar pianbhreith choimeádta ar an duine sin sa Stát eisiúna, mura raibh an duine sin i láthair go pearsanta ag an triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi, gan ionadaíocht ó dhlíodóir arna cheapadh ag an duine sin nó arna cheapadh *exofficio* agus, in aon chás, gan cosaint éifeachtach, i gcás ina sheirbheáiltear an cinneadh a tugadh *in abstentia* air tar éis an tabhairt suas sin agus ina bhféadfaidh sé agóid nó achomharc a thaisceadh i gcoinne an bhreithiúnais sin.

37 Mar réamhbharúil, is léir ó chásdlí socair na Cúirte go bhfuil tábhacht bhunúsach, i ndlí an Aontais, ag prionsabal na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit agus ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, atá bunaithe, é féin, ar an muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit, ós rud é go bhfágann siad gur féidir limistéar gan teorainneacha inmheánacha a chruthú agus a chaomhnú. Go sonrach, ceanglaítear le prionsabal na muiníne frithpháirtí, go háirithe maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, ar gach ceann de na Stáit sin, ach amháin in imthosca eisceachtúla, a mheas go n-urramaíonn na Ballstáit eile go léir dlí an Aontais agus, go háirithe, na cearta bunúsacha a aithnítear leis an dlí sin [breithiúnais an 31 Eanáir 2023, *Puig Gordi agus páirtithe eile*, C-158/21, EU:C:2023:57, mír 93, agus 21 Nollaig 2023, *GN (Foras le haghaidh diúltú ar bhonn na leasanna is fearr don leanbh)*, C-261/22, EU:C:2023:1017, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear].

38 Dá bhrí sin, agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, ceanglaítear ar na Ballstáit, de bhua an dlí sin, glacadh leis an toimhde go n-urramaítear cearta bunúsacha sna Ballstáit eile, ionas nach féidir leo, ní hamháin leibhéal níos airde cosanta náisiúnta do chearta bunúsacha a éileamh ar Bhallstát eile ná an leibhéal a ráthaítear le dlí an Aontais, ach freisin, seachas i gcásanna eisceachtúla, chun a fhíorú an bhfuil, i gcás sonrach, an Ballstát eile sin ag tabhairt urraime go hiarbhír, i gcás sonrach, do na cearta bunúsacha a ráthaíonn an tAontas Eorpach (Tuairim 2/13 (*Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR*), an 18 Nollaig 2014, EU:C:2014:2454, mír 192, agus breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *GN (Foras le haghaidh diúltú ar bhonn na leasanna is fearr don leanbh)*, C-261/22, EU:C:2023:1017, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear].

39 Sa chomhthéacs sin, tá sé mar aidhm ag Cinneadh Réime 2002/584, trí chóras simplithe agus éifeachtach a bhunú chun daoine ciontaithe nó daoine atá faoi amhras maidir le sárú a bheith déanta acu ar an dlí coiriúil a thabhairt suas, comhar breithiúnach a éascú agus dlús a chur leis d'fhonn cabhrú leis an gcuspóir arna leagan síos a bhaint amach go mbeidh an tAontas Eorpach ina limistéar saoirse, slándála agus ceartais, bunaithe ar an ardleibhéal muiníne nach mór a bheith ann idir na Ballstáit [breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *GN (Foras le haghaidh diúltú ar bhonn na leasanna is fearr don leanbh)*, C-261/22, EU:C:2023:1017, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear].

40 Is ionann prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, ar tugtar léiriú nithiúil air ar dtús, de réir aithris 6 de Chinneadh Réime 2002/584, sa bharántas gabhála Eorpach dá bhforáiltear leis an gCinneadh Réime sin, agus 'bunchloch' an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla. Cuirtear an prionsabal sin in iúl in Airteagal 1(2) den Chinneadh Réime sin, lena leagtar síos an riail go gceanglaítear ar na Ballstáit aon bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn an phrionsabail chéanna agus i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime sin [breithiúnais an

21 Nollaig 2023, *GN (Foras le haghaidh diúltú ar bhonn na leasanna is fearr don leanbh)*, C-261/22, EU:C:2023:1017, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 21 Nollaig 2023, *G. K. agus páirtithe eile (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh)*, C-281/22, EU:C:2023:1018, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear].

41 Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, ní fhéadfaidh údaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ach amháin ar fhorais a eascraíonn as Cinneadh Réime 2002/584, arna léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais. Ar an dara dul síos, cé gurb ionann forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh agus an prionsabal, ceaptar diúltú forghníomhaithe mar eisceacht, nach mór a léiriú go docht [breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *GN (Foras le haghaidh diúltú ar bhonn na leasanna is fearr don leanbh)*, C-261/22, EU:C:2023:1017, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear].

42 Go háirithe, is eisceacht í Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584 ar an riail lena gceanglaítear ar an udarás breithiúnach forghníomhaitheach duine iarrtha a thabhairt suas don Bhallstát eisiúna agus, dá bhrí sin, ní mór í a léiriú go sriantach [féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an mbac)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, mír 55].

43 Ar an gcéad dul síos, is léir ó fhoclaíocht na forála sin go bhfuil sé de chumhacht ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú mura raibh an duine lena mbaineann i láthair go pearsanta ag an triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi, ach amháin má shonraítear sa bharántas gabhála Eorpach go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí a) go d) den fhoráil sin faoi seach [breithiúnas an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an mbac)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear].

44 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go dteorannaítear le hAirteagal 4a, dá bhrí sin, an fhéidearthacht diúltú an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú trí liostú a dhéanamh, ar bhealach beacht agus aonfhoirmeach, ar na coinníollacha nach bhféadfar diúltú d'aithint agus d'fhorghníomhú cinnidh a thugtar tar éis trialach nach raibh an duine lena mbaineann i láthair go pearsanta inti [breithiúnas an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an mbac)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear].

45 Dá bhrí sin, ceanglaítear ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, d'ainneoin nach raibh an duine lena mbaineann i láthair ag an triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi, ar choinníoll go mbunaítear gurb ann do cheann de na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 4a(1)(a), (b), (c) nó (d) de Chinneadh Réime 2002/584 (breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Generalstaatsanwaltschaft Hamburg*, C-416/20 PPU, EU:C:2020:1042, mír 41).

46 Maidir le hAirteagal 4a(1)(d) de Chinneadh Réime 2002/584, a bhaineann leis an gcás seo toisc gur léir ón iarraidh ar réamhrialú nach raibh RT i láthair go pearsanta ag an triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi, i mbreithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2023, nó go bhfuair sí seirbheáil an bhreithiúnais sin go pearsanta, agus go léirítear leis an mbarántas gabhála Eorpach atá i gceist go mbeidh sí in ann agóid a dhéanamh i gcoinne an bhreithiúnais sin nó achomharc a thaisceadh ina choinne laistigh de 15 nó 30 lá faoi seach óna sheirbheáil, ní dhéantar tagairt leis an bhforáil sin do chúnamh ó dhlíodóir ag an triail sin.

47 Go háirithe, ní leanann sé ó fhoclaíocht Airteagal 4a(1)(d) go bhféadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú i gcás ina mbaineann an barántas sin leis an duine sin tar éis triail nach raibh sé i láthair go pearsanta inti ar an bhforas nach ndearna dlíodóir arna cheapadh aige nó arna cheapadh *ex officio* ionadaíocht air. Dá bhrí sin, dá gcomhaontófaí a mhalairt, b'ionann sin agus coinníoll maidir le forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh a chur le Cinneadh Réime 2002/584 nár leag reachtas an Aontais síos.

48 Ar an dara dul síos, maidir le bunús agus cuspóirí Airteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584, chinn an Chúirt cheana féin go bhfuil sé mar chuspóir ag an bhforáil sin ardleibhéal cosanta a áirithiú agus a chur ar chumas an údaráis fhorghníomhaithigh an duine lena mbaineann a thabhairt suas in ainneoin nach raibh sé i láthair ag an triail a raibh a chiontú mar thoradh uirthi, agus lánurraim á tabhairt dá chearta cosanta. Go háirithe, mar is léir go sainráite ó Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2009/299, arna léamh i bhfianaise aithrisí 1 agus 15 de, cuireadh Airteagal 4a isteach i gCinneadh Réime 2002/584 chun cosaint a thabhairt do cheart cúisí teacht i láthair go pearsanta ag an triail choiriúil ina choinne agus chun feabhas a chur ar aitheantas frithpháirteach cinntí breithiúnacha idir na Ballstáit [breithiúnas an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an mbac)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear].

49 Scrios Cinneadh Réime 2009/299, ag an am céanna, Airteagal 5(1) de Chinneadh Réime 2002/584, lenar ceadaíodh, i gcás barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun breithiúnas a tugadh *in absentia* a fhorghníomhú agus i gcás nár cuireadh an duine lena mbaineann ar an eolas faoi dháta agus ionad na héisteachta as ar eascair an cinneadh a tugadh *in absentia*, don údarás breithiúnach forghníomhaitheach an tabhairt suas a chur faoi réir an choinníoll nach mór don údarás breithiúnach eisiúna dearbhuithe a thabhairt dó a mheastar a bheith leordhóthanach go mbeadh an deis ag an duine sin atriail a iarraidh sa Bhallstát eisiúna agus go mbeadh sé i láthair ag an triail.

50 Dá bhrí sin, chun cearta na cosanta agus na rochtana ar dhlíodóir a áirithiú, ceanglaítear le hAirteagal 4a(1)(d)(i) de Chinneadh Réime 2002/584 go mbeidh an duine a chiontaítear *in absentia* i dteideal atriail nó achomharc a dhéanamh, ina bhfuil sé de cheart aige a bheith páirteach agus lena gceadaítear tuillteanais an cháis, lena n-áirítear fianaise nua, a athscrúdú, agus go bhféadfaí an cinneadh bunaidh a chur droim ar ais dá bharr'.

51 Ní mór a thabhairt faoi deara freisin, ar an gcéad dul síos, go dtugtar isteach le Cinneadh Réime 2002/584 córas aitheantais fhrithpháirtigh atá bunaithe ar phrionsabal na muiníne frithpháirtí agus, mar is léir ó aithris 14 de Chinneadh Réime 2009/299, nach bhfuil sé mar chuspóir aige, leis sin, an reachtaíocht náisiúnta a chomhchuibhiú.

52 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb ionann an ceanglas sin maidir le ceart atrialach nó achomhairc lena gceadaítear tuillteanais an cháis a athscrúdú agus an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 8(4) agus in Airteagal 9 de Threoir 2016/343 i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil maidir leis an bhféidearthacht trialacha a reáchtáil gan an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe a bheith i láthair, ach nach féidir na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Treoir sin a chomhlíonadh, go háirithe an coinníoll gur cuireadh é ar an eolas faoin triail, toisc nach féidir é a aimsiú d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha chuige sin.

53 Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach féidir Airteagal 4a(1)(d) de Chinneadh Réime 2002/584 a léiriú sa chaoi go bhféadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar an bhforas nach ndearna dlíodóir arna cheapadh aige nó

arna cheapadh *ex officio* ionadaíocht air ag an triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi nó, *a fortiori*, sa chaoi go gcuirtear cosc leis an bhforáil sin ar reachtaíocht na hIodáile atá i gceist sna príomhimeachtaí, a mhéid nach gceadaítear leis diúltú den chineál sin, cé go bhforáiltear leis an reachtaíocht sin nach bhféadfar breithiúnas *in absentia* a thabhairt san Iodáil in éagmais ceapachán *ex officio* dlíodóra.

54 Ar an tríú dul síos, ní dhéantar an léiriú sin a neamhbhailíochtú le Treoir 2012/13 ná le Treoir 2013/48, dá dtagraítear leis an gcúirt a rinne an tarchur freisin, gan an t-amhras a bhí ag an gcúirt sin ina leith sin a bheith mínithe aici. A mhéid a iarrann an chúirt sin an bhforchuirtear oibleagáid leis na treoracha sin ar na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine cúisithe cúnamh ó dhlíodóir *ex officio* i dtriail a d'fhéadfadh a bheith ina cúis lena gciontú *in absentia*, níl an cheist sin ábhartha chun na cásanna a chinneadh ina n-údaraítear diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú faoi Airteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584.

55 Is leor a mheabhrú, de réir chásdlí na Cúirte, nach féidir aon neamhchomhlíonadh dhlí náisiúnta an Bhallstáit eisiúna maidir le forálacha treorach a bheith ina fhoras a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le diúltú an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú. Dá mbeifí ag brath ar fhorálacha treorach chun cosc a chur ar fhorghníomhú barántais gabhála Eorpaigh, d'fhéadfaí an córas arna bhunú le Cinneadh Réime 2002/584, ina leagtar síos go huileghabhálach na forais le neamhfhorghníomhú, a shárú. (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Generalstaatsanwaltschaft Hamburg*, C-416/20 PPU, EU:C:2020:1042, míreanna 46 agus 47).

56 Ar an gceathrú dul síos, ní mór Airteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584 a léiriú agus a chur i bhfeidhm freisin i gcomhréir leis an dara mír agus leis an tríú mír d'Airteagal 47 agus le hAirteagal 48 den Chairt, a fhreagraíonn, mar a shonraítear sna mínithe a bhaineann leis an gCairt um Chearta Bunúsacha (IO 2007 C 303, lch. 17), d'Airteagal 6 de ECHR. Dá bhrí sin, ní mór don Chúirt Bhreithiúnais a áirithiú go ráthaítear lena léiriú ar an dara mír agus ar an tríú mír d'Airteagal 47 agus ar Airteagal 48 den Chairt leibhéal cosanta nach dtugann neamhaird ar an leibhéal cosanta a ráthaítear le hAirteagal 6 de ECHR, arna léiriú ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine [breithiúnas an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an mbac)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear].

57 I gcomhréir leis an gcásdlí sin, chinn an Chúirt cheana féin, i ngach ceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 4a(1)(a) go (d) de Chinneadh Réime 2002/584, nach ndéanann forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh dochar do chearta cosanta an duine lena mbaineann ná don cheart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, mar a chumhdaítear in Airteagal 47 agus Airteagal 48(2) den Chairt iad [féach, chuige sin, breithiúnais an 26 Feabhra 2013, *Melloni*, C-399/11, EU:C:2013:107, míreanna 47 go 54, agus an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an mbac)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear].

58 Chinn an Chúirt freisin go raibh sé i gceist le glacadh Chinneadh Réime 2009/299, lenar cuireadh an fhoráil sin isteach i gCinneadh Réime 2002/584, go réiteofaí na deacrachtaí a bhaineann le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí a thugtar gan an duine lena mbaineann a bheith i láthair ag an triail mar thoradh ar éagsúlachtaí maidir le cosaint na gceart bunúsach idir na Ballstáit. Chuige sin, comhchuibhítear leis an gCinneadh Réime sin na coinníollacha maidir le barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú i gcás ciontú *in absentia*, rud a léiríonn an comhdhearcadh ar tháinig na Ballstáit ina n-iomláine air maidir leis an raon feidhme atá le

tabhairt, faoi dhlí an Aontais, do na cearta nós imeachta atá ag daoine a ciontaíodh *in absentia* atá ina n-ábhar do bharántas gabhála Eorpach. (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Feabhra 2013, *Melloni*, C-399/11, EU:C:2013:107, mír 62).

59 Dá bhrí sin, maidir leis an argóint a chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl go n-údaraítear leis an oibleagáid cearta bunúsacha a urramú, mar a chumhdaítear in Airteagal 6 CAE iad, do na húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha diúltú an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, lena n-áirítear sa chás dá dtagraítear in Airteagal 4a(1)(d) de Chinneadh Réime 2002/584, i gcás nach ndearna dlíodóir ionadaíocht ar an duine lena mbaineann ag an triail agus mar thoradh air sin gur ciontaíodh é *in absentia*, arb ionann é, i ndáiríre, agus amhras a chaitheamh ar chomhréireacht na forála sin leis na cearta bunúsacha a chosnaítear i ndlíchóras an Aontais, ní mór an argóint sin a dhiúltú.

60 Ar deireadh, a mhéid a mheasann an chúirt a rinne an tarchur go n-áirithítear le dlí na hIodáile caighdeán chearta na cosanta, agus, go háirithe, don cheart chun cúnamh a fháil ó dhlíodóir, atá níos airde ná an caighdeán a eascraíonn as na cearta bunúsacha a shainmhínítear le dlí an Aontais, go háirithe Airteagal 47 agus Airteagal 48(2) den Chairt, ba cheart a mheabhrú nach bhféadfaidh údarás breithiúnach forghníomhaitheach tabhairt suas an duine lena mbaineann barántas gabhála Eorpach a chur faoi bhráid an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna ach amháin faoi réir chomhlíonadh na gceanglas a eascraíonn as na forálacha sin agus ní faoi réir chomhlíonadh na gceanglas a eascraíonn as an dlí náisiúnta. Dá ndéanfaí a mhalairt de réiteach, trí amhras a chaitheamh ar aonfhoirmeacht chaighdeán cosanta na gceart bunúsach a shainmhínítear le dlí an Aontais, bhainfí an bonn de phrionsabail na muiníne frithpháirtí agus an aitheantais fhrithpháirtigh a bhfuil mar chuspóir ag Cinneadh Réime 2002/584 agus, dá bhrí sin, an bonn a bhaint dá éifeachtacht (féach, chuige sin, breithiúnais an 26 Feabhra 2013, *Melloni* C-399/11, EU:C:2013:107, mír 63, agus an 15 Deireadh Fómhair 2019, *Dorobantu*, C-128/18, EU:C:2019:857, mír 79).

61 I bhfianaise na gcúiseanna go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584, arna léamh i bhfianaise Airteagal 6 CAE agus Airteagal 47 agus Airteagal 48(2) den Chairt, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta nach gceadaítear leis an údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú duine a thabhairt suas i bhforghníomhú barántas gabhála Eorpach arna eisiúint ar bhonn breithiúnais lena ngearrtar pianbhreith choimeádta ar an duine sin sa Stát eisiúna, mura raibh an duine sin i láthair go pearsanta ag an triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi, gan ionadaíocht ó dhlíodóir arna cheapadh ag an duine sin nó arna cheapadh *ex officio*, agus má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4a(1)(d).

## Costais

62 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (céad dlísheomra) mar seo a leanas:

**Maidir le hAirteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón**

**gComhairle an 26 Feabhra 2009, arna léamh i bhfianaise Airteagal 6 CAE agus Airteagal 47 agus Airteagal 48(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,**

**ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:**

**ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta nach gceadaítear leis an údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú duine a thabhairt suas i bhforghníomhú barántas gabhála Eorpach arna eisiúint ar bhonn breithiúnais lena ngearrtar pianbhreith choimeádta ar an duine sin sa Stát eisiúna, mura raibh an duine sin i láthair go pearsanta ag an triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi, gan ionadaíocht ó dhlíodóir arna cheapadh ag an duine sin nó arna cheapadh *ex officio*, agus má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4a(1)(d).**

Sínithe